OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

RÁITIS AIRGEADAIS COMHDHLÚITE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2023

CLÁR ÁBHAIR

	LEATHANACH
EOLAS GINEARÁLTA	3
TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN	4-5
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CHEANNAIS	6
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH	7-13
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH	14-15
RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR IONCAM CUIMSITHEACH	16
RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR AN STAID AIRGEADAIS	17
RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ	18
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID	19-20
NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS	21-52

EOLAS GINEARÁLTA

INIÚCHÓIR CLÁRAITHE	Mazars Cuntasóirí Cairte Ionad Fhearchair Bloc 3 Bóthar Fhearchair Baile Átha Cliath 2
INIÚCHÓIR	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
PRÍOMH-BHAINCÉIR	Bainc-Aontas Éireann Cpt 7/12 Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2
PRÍOMHCHOMHAIRLEOIRÍ DLÍ	Arthur Cox Foirgneamh Arthur Cox Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 Ronan Daly Jermyn An Malartán Duga Sheoirse IFSC Baile Átha Cliath 1
COMHAIRLEOIRÍ CÁNACHAIS	PricewaterhouseCoopers Duga Spencer a hAon Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

Raon Feidhme na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá sna ráitis airgeadais torthaí comhdhlúite na hOllscoile, a fochuideachtaí agus torthaí Iontaobhas Oideachais OCBÁC. Tá na cuideachtaí ina bhfuil leas ag an Ollscoil liostaithe i nóta 13 leis na ráitis airgeadais, mar aon lena bpríomhghníomhaíochtaí agus scaireanna na hOllscoile. Is í Seirbhísí Tacaíochta Oideachais OCBÁC DAC, atá faoi úinéireacht 100% ag an Ollscoil, an chuideachta shealbhaíochta trína dtreoraíonn an Ollscoil gníomhaíochtaí na cuideachta.

Torthaí don Bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2023

Seo a leanas achoimre ar ioncam, caiteachas agus torthaí comhdhlúite na hOllscoile don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023:

	2023 €'000	**2022 €'000**
Ioncam	283,008	283,638
Glanchaiteachas	(274,087)	(273,092)
Barrachas / (Easnamh)	8,921	10,546

Bhí ioncam agus caiteachas iomlán an Ghrúpa i gcomhréir leis an mbliain roimhe sin den chuid is mó.

B'ionann an ghluaiseacht i mbarrachas glan cúlchistí a tuairiscíodh don bhliain agus €8.9m agus seasann cúlchistí carntha an ghrúpa ag €264.9m. Léiríonn na cúlchistí seo difríochtaí uainiúcháin chuntasaíochta idir infheistíocht bhonneagair atá maoinithe ag deontas neamhchaipitil agus costais dhímheasa ghaolmhara, riachtanais chiste fiuchta a bhaineann le socruithe maoinithe struchtúrtha, an chaoi a gcaitear go cuntasaíochta le maoiniú caipitil foinsithe neamhrialtasach faoi FRS102, cúlchistí srianta Iontaobhas Oideachais OCBÁC agus tionscnaimh agus gealltanais fhadtéarmacha eile.

Clár Comhardaithe agus Ráiteas Sreabhadh Airgid

B'ionann na breiseanna ar shócmhainní seasta inláimhsithe don bhliain agus €54m. Léiríonn breiseanna talún agus foirgneamh don bhliain, lena n-áirítear sócmhainní atá á dtógáil, forbairtí ar an gcampas amhail foirgneamh nua Polaris, agus tionscadal an Chórais Faisnéise do Mhic Léinn.

Mar thoradh ar shreabhadh glan airgid isteach de €8.4m le linn na bliana airgeadais, tá méadú tagtha ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an ghrúpa (gan iarmhéideanna airgid srianta agus taiscí téarma san áireamh) de €120.1m go €128.5m ag deireadh na bliana. Is é €46.3m seasamh glanchistí an Ghrúpa ag dáta dheireadh na bliana tar éis coigeartú a dhéanamh le haghaidh fiachais, iarmhéideanna airgid srianta, agus taiscí téarma. Léiríonn cúlchistí airgid go príomha airgead atá tiomanta do chaiteachas amach anseo; mar shampla, táillí mac léinn a fuarthas roimh ré, taiscí lóistín mac léinn, agus ioncam ó thionscadail taighde.

Tá saoráidí iasachta ceadaithe ag an Ollscoil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ("BEI") agus le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann ("ISIF") araon chun Plean Forbartha Campas na hOllscoile a mhaoiniú. Comhlíonadh na comhaontuithe iasachta faoi na saoráidí iasachta ceadaithe le linn na bliana airgeadais.

Dearcadh Amach Anseo

Sheol OCBÁC a plean straitéiseach nua sa bhliain 2023, dar teideal "Straitéis OCBÁC 2023-2028, Claochlú do Thodhchaí Gan Scríobh", tar éis rannpháirtíocht fhairsing le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha. Tríd an bplean seo, leanann an Ollscoil lena misean bunathraitheach chun 'Saolta agus Sochaithe a Chlaochlú', agus fís mhisniúil aici chun bheith ina hOllscoil Eorpach nuálach cheannródaíoch, a bhfuil idirdhealú déanta aici as cáilíocht na taithí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tionchar ár dteagaisc agus ár dtaighde ar ár bpáirtithe leasmhara agus ar shaincheisteanna domhanda.

Tá fáilte roimh an bhfógra i ráiteas buiséid 2024 de chuid an Rialtais maidir le céim bhreise de chroí-mhaoiniú breise don earnáil ollscoile, cé go bhfuil an méid maoinithe fós gann maidir leis an mbearna maoinithe €307m a sainaithníodh i gclár 'Maoiniú na Todhchaí' an Rialtais (2022). Táthar ag súil go méadóidh an maoiniú lárnach bliantúil go suntasach sna blianta amach romhainn, chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh suntasach maoinithe seo.

Ar thaobh an chaipitil de, críochnófar príomhfhoirgneamh Polaris na hOllscoile sa bhliain 2024, rud a chuirfidh acmhainn ar fáil do bhreis is 3,000 mac léinn. Cuirfidh an tionscadal seo, atá páirtmhaoinithe ag deontais Rialtais agus iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta, le dea-cháil idirnáisiúnta OCBÁC as sármhaitheas i ndisciplíní ETIM. Mar an gcéanna, tá sé beartaithe go mbeidh an clár ilbhliantúil um chlaochlú digiteach ar fud raon córas, lena n-áirítear ligean isteach, clárú, measúnú agus socrúchán, críochnaithe faoi dheireadh na mbliana 2024. Tugtar an "Córas Faisnéise do Mhic Léinn" air agus athróidh an infheistíocht seo i gcórais an chaoi a n-idirghníomhaíonn mic léinn agus baill foirne lena chéile i réimse gníomhaíochtaí acadúla.

Tar éis deimhniú fóirdheontais Rialtais de níos mó ná €40m sa bhliain 2023, tá sé beartaithe tús a chur le hobair ar thionscadal nua lóistín mac léinn ar an gcampas Céim 1 sa bhliain 2024, agus cuirfear 400 leaba bhreise do mhic léinn ar fáil sa bhliain airgeadais 2026/27. I ré ganntanas lóistín ar an gcampas ar fud earnáil an ardoideachais in Éirinn, is céim thábhachtach í an infheistíocht seo chun acmhainn bhreise a chur ar fáil le haghaidh mic léinn OCBÁC. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn sa bhliain 2024 chun Céim 2 den fhorbairt a thosú a chuirfidh 800 leaba bhreise mac léinn ar fáil.



_____

An tOllamh Daire Keogh
Uachtarán / Príomhoifigeach

Dáta:12 Meán Fómhair 2024

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS CHEANNAIS

Ceanglaítear ar an Údarás Ceannais cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus cuntais chuí agus ghnáthacha ar airgead a fhaightear agus a chaitear aige a choinneáil i gcibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Ollscoil:

• beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;

• breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh;

• a lua an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a leanúint, faoi réir aon neamhoird ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;

• measúnú a dhéanamh ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann a ráitis airgeadais Acht na nOllscoileanna, 1997, agus go n-ullmhaítear iad i gcomhréir le FRS 102 “An caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” agus an Ráiteas um Chleachtas Molta (“SORP”) - Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas (2019), arna eisiúint ag Bord SORP HE/FE sa Ríocht Aontaithe.

Tá an Ollscoil freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cuí agus rialta agus as na sócmhainní uile atá faoina smacht oibríochtúil a chosaint agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Údarás Ceannais na hOllscoile:

An tOllamh Daire Keogh	Iníon Brid Horan
Uachtarán / Príomhoifigeach	Seansailéir

Dáta:12 Meán Fómhair 2024

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

1. Freagracht an Údaráis Cheannais as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Admhaíonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil freagracht fhoriomlán air as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile agus ceadaíonn sé go foirmiúil an Ráiteas seo maidir le Rialú Inmheánach.

2. Dearbhú réasúnta i gcoinne earráide ábhartha

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun an riosca mainneachtana maidir le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach nó chun cúrsaí a dhéanamh ar bhealach ordúil agus dlisteanach a bhainistiú seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, a mhéid sin, soláthraíonn an córas dearbhú réasúnta seachas dearbhú daingean maidir le héifeachtacht.

3. Nósanna imeachta tábhachtacha curtha i bhfeidhm atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar

Ba chóir na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir le príomhnósanna imeachta na hOllscoile, atá ceaptha chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú, lena n-áirítear rioscaí gnó a aithint agus a bhainistiú:

- Is é an tÚdarás Ceannais an príomh-eintiteas rialachais agus cinnteoireachta laistigh den Ollscoil, mar a fhorordaítear in Acht na nOllscoileanna 1997.Faoi Alt 34 d'Acht na nOllscoileanna 1997, ceadaíonn an tÚdarás Ceannais an plean straitéiseach.
- Go praiticiúil, tarmligeann an tÚdarás Ceannais feidhmeanna áirithe chuig an Uachtarán agus chuig baill foirne eile le tuairisciú agus maoirseacht chuí. Ceapann an tÚdarás Ceannais an tUachtarán chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht na hOllscoile.
- Is é an tUachtarán príomhoifigeach acadúil agus riaracháin na hOllscoile, a bhfuil teideal Príomhoifigeach air freisin.
- Cuireann an tUachtarán agus Oifigigh Shinsearacha (Stiúrthóir Airgeadais, Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla, Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí) tuarascálacha ar fáil ag gach cruinniú den Údarás Ceannais.
- Tacaíonn Grúpa Bainistíochta Sinsearach leis an Uachtarán, arb é atá ann oifigigh shinsearacha na hOllscoile a thugann comhairle agus a mhaoirsíonn comhordú ghníomhaíochtaí na hOllscoile agus an phleanáil straitéiseach.
- Tá freagrachtaí soiléire ag baill den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí.
- Feidhmíonn Coiste Iniúchóireachta, le téarmaí tagartha i scríbhinn, mar fhochoiste den Údarás Ceannais agus tuairiscíonn sé dó ar an obair a dhéanann an Coiste.
- Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí neamhspleách i bhfeidhm a dhéanann roinnt iniúchtaí gach bliain agus cuirtear tuarascálacha iniúchóireachta cuimsitheacha, maille le tuairimí bainistíochta agus amlínte gníomhaíochta comhaontaithe, faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an Údaráis Cheannais.
- Tá Polasaí Bainistíochta Riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Ollscoil. Feidhmíonn Coiste Riosca ar leithligh mar fhochoiste den Údarás Ceannais agus déanann sé:

  o déanann siad monatóireacht ar éifeachtacht phróisis bainistíochta riosca na hOllscoile agus ar éifeachtacht straitéis bainistíochta riosca na hOllscoile.
  o Tá cathaoirleach an Choiste Riosca mar bhall de Choiste Iniúchóireachta na hOllscoile chomh maith.
  o Tá an próiseas bainistíochta riosca faoi smacht Phríomhoifigeach Oibríochtaí na hOllscoile. Áirítear leis an bpróiseas bainistíochta riosca measúireacht a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais rioscaí gnó, de réir mar is iomchuí.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Tiomsaítear cláir riosca (oibríochtúla) do gach mór-aonad san Ollscoil agus gabhtar na rioscaí is suntasaí ar an gClár Riosca Institiúideach a ullmhaíonn an Coiste Feidhmiúcháin agus a dhéanann an Coiste Riosca athbhreithniú air sula gceadaíonn agus sula nglacann an tÚdarás Ceannais leis.

- Rinne an Coiste Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca Straitéiseach agus ar na gníomhartha maolaitheacha atá i bhfeidhm i leith gach riosca. Tuairiscíonn Uachtarán na hOllscoile don Údarás Ceannais gach ráithe ar stádas na rioscaí seo agus ar na céimeanna maolaitheacha a glacadh chun aghaidh a thabhairt orthu.
- I mí na Nollag 2019, ghlac an Ollscoil lena céad Ráiteas Inghlacthachta Riosca ina ndéantar achoimre ar a hinghlacthacht i leith riosca i raon gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, cuireann sé le tiomantas na hOllscoile na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus iompair ghairmiúil a choinneáil, agus ag an am céanna a bheith comhsheasmhach maidir lena creidiúnacht i measc raon leathan grúpaí geallsealbhóirí, agus í a choinneáil den sórt sin.
- Feidhmíonn an Coiste Comhairleach Airgeadais Straitéisigh mar fhochoiste den Údarás Ceannais agus is é a ról cúnamh agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht maidir leis na struchtúir mhaoinithe is fearr a chur i bhfeidhm chun na hacmhainní airgeadais is gá a sholáthar chun tacú le Plean Straitéiseach na hOllscoile a bhaint amach. Feidhmíonn an Coiste, le téarmaí tagartha i scríbhinn, mar fhochoiste den Údarás Ceannais agus tuairiscíonn sé dó ar an obair a dhéanann an Coiste. Bhí ról lárnach ag an gCoiste seo maidir le hathbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na socruithe maoinithe iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus moladh a thabhairt don Údarás Ceannais chun glacadh leo.
- Is é an Coiste Feidhmiúcháin, atá faoi chathaoirleacht an Uachtaráin, an grúpa cinnteoireachta feidhmiúcháin san Ollscoil agus áirítear ann an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí, beirt bhall foirne tofa agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn. Tá an grúpa seo de chúram comhairle a chur ar an Uachtarán agus cinneadh a dhéanamh maidir le beartas agus straitéis na hOllscoile.
- Tá roinnt fochoistí ag an gCoiste Feidhmiúcháin a chuidíonn leis an gCoiste Feidhmiúcháin a fheidhmeanna a chur i gcrích, lena n-áirítear:

  o Molann an Coiste Acmhainní sonraí bhuiséad na hOllscoile agus a leithdháileadh don Choiste Feidhmiúcháin, agus tugann sé comhairle maidir le saincheisteanna eile maidir le hacmhainní nó buiséadú de réir mar is iomchuí.
  o Déanann an Coiste um Thionscadail Chaipitil maoirseacht ar gach tionscadal caipitil (>€500k) agus déanann sé moltaí don Fheidhmeannach maidir le ceaduithe móra tionscadail chaipitil agus ceaduithe cloch mhíle tionscadail chomhlachaithe.
  o Déanann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta maoirseacht ar gach gné den tsláinte agus den sábháilteacht ar an gcampas.
- Cinntíonn an córas Rialaithe Buiséid go ndéantar cistí a leithdháileadh i gcomhréir leis an mbuiséad ceadaithe. Déantar monatóireacht rialta ar an gcaiteachas i gcoinne na leithdháiltí seo agus glactar gníomh ceartaitheach nuair is gá.
- Déantar buiséid leithdháilte a tharmligean chuig Déin Feidhmiúcháin na nDámh, Ceannairí Scoile, agus Ceannairí Aonaid Tacaíochta, agus ní mór dóibh uile toradh cothrom a bhaint amach i gcoinne an bhuiséid gach bliain. Déantar monatóireacht air seo trí thuairiscí airgeadais míosúla ón gcóras TF airgeadais Agresso.

Baineann an Ollscoil úsáid fhorleathan as córais faisnéise TF chun a chinntiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm ó bhainistíocht airgeadais agus soláthar go taifid mac léinn agus torthaí scrúduithe. Cuireann Córas Airgeadais OCBÁC, Agresso, rochtain iomlán ar fáil d'úsáideoirí ar an bhfaisnéis airgeadais uile a bhaineann lena ról. Ina theannta sin, seoltar nuashonruithe míosúla buiséid chuig gach ceannaire aonaid ina léirítear an caiteachas go dtí seo i gcomparáid leis an mbuiséad.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

- Faoi réir na srianta airgeadais a chinnfidh an tÚdarás Ceannais, rialaíonn an Chomhairle Acadúil cúrsaí acadúla na hOllscoile, lena n-áirítear an curaclam agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthraíonn an Ollscoil.
- Cuireann an tAonad um Chur Chun Cinn Cáilíochta gníomhaíochtaí feabhsúcháin cáilíochta leanúnacha chun cinn agus éascaíonn sé na gníomhaíochtaí sin ar fud na n-aonad acadúil agus riaracháin ar fud na hOllscoile. Déantar é seo go príomha trí bhainistiú phróiseas Athbhreithnithe Cáilíochta na hOllscoile do Scoileanna, do Dhámha agus d'Aonaid.
- Tá beartais agus nósanna imeachta foilsithe i bhfeidhm san Ollscoil chun tacú leis an timpeallacht rialaithe, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, tarmligean agus deighilt dualgas. Soláthraíonn siad seo dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú daingean maidir le calaois a chosc agus a bhrath.
- Tá nósanna imeachta rialaithe inmheánacha i bhfeidhm chun na sócmhainní uile a chosaint, leasanna na bpáirtithe ábhartha uile a chosaint agus táirgeadh agus sláine na ráiteas airgeadais bliantúil a chinntiú.
- Tá Polasaí Údaráis Sínithe Ceadaithe i bhfeidhm ina bhfuil sonraí faoin bpróiseas ceadaithe, tairseacha ceadaithe agus na sínitheoirí institiúideacha ceadaithe do gach doiciméadacht agus conarthaí dlíthiúla na hOllscoile.
- I gcomhréir le reachtaíocht nua RGCS a tugadh isteach i mí Bealtaine 2018, cheap an Ollscoil Oifigeach Cosanta Sonraí agus thug sí isteach Polasaí Príobháideachta Sonraí nua agus faisnéis tacaíochta agus oiliúint ghaolmhar chun comhlíonadh na reachtaíochta nua a chinntiú.
- Déanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca na hOllscoile athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sula gcuirtear faoi bhráid an Údaráis Cheannais é lena cheadú.
- Ní raibh aon sárú ábhartha ar rialú sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023.
- Deimhníonn an Ollscoil gur chomhlíon sí Cód Rialachais 2019 IUA/HEA i ngach ábhar ábhartha le linn na bliana airgeadais. Tá Cód Rialachais á fhorbairt do na fochuideachtaí faoi lánúinéireacht i gcomhar leis an IUA.

4. Athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

- Rinne Coiste Iniúchóireachta na hOllscoile athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sular cuireadh faoi bhráid an Údaráis Cheannais é lena cheadú ar an 24 Aibreán 2024.
- Tá an t-athbhreithniú bunaithe freisin ar obair oifigeach sinsearach laistigh den Ollscoil, a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil creatlach rialaithe inmheánaigh. Tugtar dearbhú bliantúil i scríbhinn ó gach ball den fhoireann bhainistíochta shinsearach á dhearbhú, a mhéid is eol dóibh, nach raibh aon imeacht ábhartha ó bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile a bhaineann le rialuithe inmheánacha sa tréimhse lena mbaineann.
- I ndiaidh gach cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta, faigheann an tÚdarás Ceannais nuashonrú ar aon ábhair a bhaineann le héifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh. Gach bliain, tugann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tuairim ar éifeachtacht thimpeallacht an Rialaithe Inmheánaigh. Ar an mbonn sin, deimhníonn an tÚdarás Ceannais é féin maidir le héifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh.
- Áirítear leis an dearbhú breise a thugtar maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha:a) an tuairim Iniúchóireachta Inmheánaí ar éifeachtacht agus leordhóthanacht an chórais rialuithe inmheánacha
  b) measúnuithe riosca
  c) tuarascálacha athbhreithnithe cáilíochta; agus
  d) tuarascálacha sláinte agus sábháilteachta ag gach cruinniú den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus Tuarascáil Bhliantúil Sláinte agus Sábháilteachta chuig an Údarás Ceannais.

5. Soláthar

(i) Nósanna Imeachta Soláthair
Tá an Ollscoil ag iarraidh cloí leis an reachtaíocht agus na rialacha reatha maidir le soláthar, agus tá na nósanna imeachta iomchuí go léir maidir le soláthar forbartha, foilsithe do na baill foirne ábhartha go léir agus á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear deimhniú go bhfuil an Ollscoil ag baint úsáide as seirbhísí agus creatlacha na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus na Seirbhíse Soláthair Oideachais, nuair is infheidhme.

(ii) Neamhchomhlíonadh Soláthair
Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh nósanna imeachta soláthair a bhrath, lena n-áirítear dearbhú go bhfuil bunachar sonraí ina bhfuil liostaí de na hOrduithe Ceannaigh go léir atá os cionn €25,000 i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh agus chun nóta a dhéanamh de sholáthar a d'fhéadfadh a bheith neamhchomhlíontach. Ina theannta sin, feidhmíonn córas airgeadais na hOllscoile (Agresso Business World) iarratais cheannaigh os cionn €25,000 le haghaidh athbhreithniú soláthair OCBÁC sula gcruthaítear an tOrdú Ceannaigh.

(iii) Sonraí maidir le Soláthar Neamhchomhlíontach
Déanann foireann speisialtóirí soláthair cáilithe inmheánacha na hOllscoile athbhreithniú leanúnach ar iarratais chaiteachais os cionn €25,000 ó ranna laistigh de Ghrúpa OCBÁC, chomh maith le hathbhreithniú féinchomhlíonta deireadh na bliana a dhéanamh san fhormáid atá forordaithe ag an iniúchóir reachtúil.

Ina tuairim, agus bunaithe ar na creataí soláthair náisiúnta agus earnála atá i bhfeidhm, tuairiscíonn an Ollscoil agus a fochuideachtaí méid €Nialas de chaiteachas insoláthair neamhchomhlíontach don bhliain airgeadais 2022/23. Leanann an Ollscoil de leas a bhaint as réimse creatlach náisiúnta agus earnála. Leanann an Ollscoil de bheith ag úsáid acmhainní chun próisis soláthair a fheabhsú a bhfuil sé mar aidhm acu comhlíonadh soláthair a uasmhéadú.

(iv) Plean Soláthair Chorparáidigh
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuiltear ag cloí leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh i gcás inarb iomchuí. Tá beartais agus nósanna imeachta soláthair curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil maidir le gach caiteachas neamhphá.

(v) An Oifig um Sholáthar Rialtais
Oibríonn an Ollscoil go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) lena chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí soláthair ar siúl i gcomhréir le ceanglais an mhúnla oibriúcháin atá curtha i bhfeidhm ag OGP.

Úsáideann fochuideachtaí na hOllscoile OCBÁC, OGP agus creatlacha soláthair phoiblí eile agus riachtanais cheannaigh á n-eagrú acu. Baineann cuideachtaí an Ghrúpa leas as go leor de na conarthaí atá i bhfeidhm ag Ollscoil OCBÁC le haghaidh earraí agus seirbhísí amhail fóntais agus bainistíocht áiseanna. Ina theannta sin, i gcomhréir le Treoir Soláthair an AE, eagraíonn na cuideachtaí go díreach ceanglais cheannaigh fochuideachtaí a bhaineann le hearnálacha. I gcás ina n-éiríonn sé seo, leantar próiseas soláthair phríobháidigh a léiríonn prionsabail na dtreoirlínte soláthair phoiblí.

Déanann an Ollscoil agus a fochuideachtaí iarracht an luach is fearr is féidir a bhaint as a gcuid caiteachais, lena n-áirítear tríd an OGP agus creatlacha eile, agus comhiomlánú caiteachais nuair is iomchuí. Féadfaidh comhiomlánú tarlú ar leibhéal náisiúnta, earnála nó institiúideach.

Tá Aonaid Oibriúcháin laistigh den Ollscoil agus a fochuideachtaí freagrach as a gcaiteachas féin agus ní fhéadfaidh siad infheictheacht a bheith acu ar riachtanas caiteachais Aonaid Oibriúcháin eile. Ina theannta sin, ní féidir uainiú caiteachais áirithe (m.sh. a bhaineann le dámhachtainí maoinithe taighde) a thuar ar bhealach a 'éascódh comhiomlánú ceanglas soláthair. Ar na cúiseanna seo, ní féidir i gcónaí línte caiteachais áirithe a chomhiomlánú.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

6 Cruinnithe an Údaráis Cheannais

Tháinig Údarás Ceannais OCBÁC le chéile sé huaire sa bhliain 2022/2023 ar na dátaí seo a leanas:

- 19 Deireadh Fómhair 2022
- 9 Nollaig 2022
- 15 Feabhra 2023
- 26 Aibreán 2023
- 21 Meitheamh 2023
- 6 Meán Fómhair 2023

Tá taifead tinrimh gach aon bhall den Údarás ar fáil thíos:

	Ball den Údarás	Taifead Tinrimh
1.	Iníon Bríd Horan (Seansailéir)	6/6
2.	An tOllamh Lisa Looney	3/6
3.	An Dr Declan Raftery	5/6
4.	An tUasal Cathal Marley (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta)	5/6
5.	An tOllamh Daire Keogh	6/6
6.	An tOllamh Yvonne Daly	6/6
7.	An tOllamh James O'Higgins Norman	3/6
8.	An Dr. Audrey Bryan	3/6
9.	An Dr. Aisling de Paor	6/6
10.	An tUasal Justin Doyle	6/6
11.	Iníon Michele Pringle	6/6
12.	Iníon Rachel Hussey (Cathaoirleach an EDI)	5/6
13.	An tUasal David Harney	2/6
14.	An tUasal John Darby	2/6
15.	Iníon Carol Hanney	6/6
16.	Iníon Marie Sinnott (Cathaoirleach an GARC)	5/6
17.	An tOllamh Comhlach Ray Walshe	1/6
18.	Iníon Deirdre O'Connor	5/6
19.	Iníon Marian Corcoran (Cathaoirleach OCBÁC Tráchtála)	5/6
20.	Iníon Kara McGann	6/6
21.	An Clr. Jimmy Guerin	3/6
22.	Iníon Fiona Naughton	5/6
23.	An tUasal Seamus Walsh	6/6
24.	An tUasal Brian J. Smyth	4/6
25.	Iníon Zainab Boladale	2/6
26.	An tUasal Thomas O'Dowd	6/6
27.	Iníon Colette Murphy (téarma críochnaithe 26 Aibreán 2023)	4/4
28.	An tUasal Muhammad Mubashar Saeed (téarma críochnaithe 26 Aibreán	4/4
29.	Iníon Sarah Fitzpatrick (ceaptha 27 Aibreán 2023)	2/2

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

7. Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar na dátaí seo a leanas le linn 2022/2023:

- 13 Deireadh Fómhair 2022
- 23 Samhain 2022
- 24 Aibreán 2023
- 8 Meitheamh 2023
- 20 Meán Fómhair 2023

Ball an Choiste Iniúchóireachta		Taifead Tinrimh	Dáta Éirí As	Dáta Ceaptha
1.	An tUasal Cathal Marley (Cathaoirleach)	5/5	-	11 Nollaig 2014 / 9 Meán Fómhair 2021 (Cathaoirleach)
2.	Iníon Marie Sinnott	3/5	-	3 Samhain 2021
3.	An tUasal John Darby	4/5	-	3 Samhain 2021
4.	An tUasal Paul Dunne	5/5	-	3 Samhain 2021

8. Cruinnithe Choiste Riosca an Údaráis Cheannais

Tháinig Coiste Riosca an Údaráis Cheannais le chéile ar na dátaí seo a leanas le linn 2022/2023:

- 5 Nollaig 2022
- 22 Feabhra 2023
- 14 Meitheamh 2023
- 6 Meán Fómhair 2023

Údarás Ceannais Ball den Choiste Riosca		Taifead Tinrimh	Dáta Éirí As	Dáta Ceaptha
1.	Iníon Marie Sinnott (Cathaoirleach)	4/4	-	22 Meitheamh 2017 / 9 Meán Fómhair 2021 (Cathaoirleach)
2.	An tUasal Justin Doyle	3/4	-	3 Samhain 2021
3.	Iníon Caroline McMullan	2/4	-	9 Nollaig 2016
4	An tUasal Padraig McKeon	4/4	-	23 Samhain 2018

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur bhuail an dá Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Riosca le chéile le linn na bliana gan Bainistíocht na hOllscoile i láthair.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

9. Rialachas

Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir an tÚdarás um Ardoideachas agus OCBÁC ina leagtar amach an rialachas agus an chuntasacht leathan a cheanglaítear ar OCBÁC ag an Údarás um Ardoideachas.

Déanann an tÚdarás Ceannais agus a fhochoistí meastóireacht ar a bhfeidhmíocht gach bliain trí cheistneoir gan ainm, agus cuirtear torthaí an cheistneora sin i láthair an údaráis iomláin agus gabhtar aon ghníomhartha comhaontaithe a eascraíonn as sin i miontuairiscí an chruinnithe.

Ceadaíonn Údarás Ceannais OCBÁC an buiséad airgeadais atá beartaithe gach bliain agus faigheann sé eolas mionsonraithe ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an mbuiséad ceadaithe ag gach ceann dá chruinnithe.

Deimhníonn an Ollscoil go bhfuiltear ag leanúint na dTreoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí i gcomhréir le Cód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An tOllamh Daire Keogh	Iníon Brid Horan
Uachtarán / Príomhoifigeach	Seansailéir

Dáta:12 Meán Fómhair 2024

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe i gcúlchistí
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2023 agus ar ioncam agus caiteachas na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile don bhliain dar críoch ar an dáta sin i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Ollscoil, agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Agus mé i mbun m'iniúchta, déanaim iarracht brath ar fhianaise ó iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag iniúchóirí arna bhfostú ag an Ollscoil.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin tuarascáil an Uachtaráin, ráiteas ar fhreagrachtaí an Údaráis Cheannais, agus ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2024

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis Cheannais
Tá comhaltaí an Údaráis Cheannais freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoi Acht na nOllscoileanna 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfaidís ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, maidir le cíbe an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara nach leanfaidh an Ollscoil de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach áfach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a bhí ag teastáil uaim do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim cineál ar bith de thátal dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sí míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR IONCAM CUIMSITHEACH
Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair

	Nótaí	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Deontais Stáit	2	59,374	59,374	53,704	53,704
Táillí Acadúla	3	105,400	105,463	106,695	106,835
Deontais agus Tionscadail Taighde	4	53,749	52,182	52,070	52,471
Ioncam Oibriúcháin Eile	5	42,631	11,070	35,426	5,995
Ioncam Infheistíochta	6	1,588	1,768	279	653
Amúchadh Deontais	20	5,874	5,413	6,679	6,203
Maoiniú Pinsin	27	14,392	14,392	28,785	28,785
Ioncam Iomlán		283,008	249,662	283,638	254,646
Costais na mBall Foirne	7	177,007	165,939	181,712	173,817
Costais Oibriúcháin Eile	8	80,201	63,559	72,970	60,026
Ús agus Costais Airgeadais Eile	9	1,634	790	1,660	768
Dímheas	11	15,175	10,736	16,272	11,778
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	12	-	-	11	-
Caiteachas Iomlán		274,017	241,024	272,625	246,389
Barrachas roimh ghnóthachain/(chaillteanais) eile		8,991	8,638	11,013	8,257
Barrachas roimh chánachas agus leas neamhrialaithe		8,991	8,638	11,013	8,257
Gnóthachan/(Caillteanas) ar Infheistíocht		279	-	(719)	-
Gnóthachan ar dhiúscairt infheistíochta sócmhainní seasta	13	68	68	533	35
Cánachas	10	(417)	(167)	(281)	(181)
Barrachas don bhliain		8,921	8,539	10,546	8,111
Coigeartuithe achtúireacha i leith sochar scoir	27	33,421	33,421	329,297	329,297
Gluaiseacht ar shochair scoir infhaighte	27	(33,421)	(33,421)	(329,297)	(329,297)
Barrachas don bhliain		8,921	8,539	10,546	8,111

Gach mír ioncaim agus caiteachais a bhaineann le gníomhaíochtaí leanúnacha.

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR IONCAM CUIMSITHEACH
Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair

	Nótaí	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Acmhainní Neamhreatha					
Sócmhainní seasta inláimhsithe	11	508,654	352,036	469,830	339,703
Sócmhainní seasta doláimhsithe	12	-	-	-	-
Sócmhainní Airgeadais	13	7,414	1	7,137	1
		516,068	352,037	476,967	339,704
Sócmhainní Reatha					
Fardail	14	574	246	455	217
Trádáil agus infháltais eile	15	24,343	113,485	24,901	86,303
Airgead tirim ag an mbanc	21	128,502	95,750	120,070	87,395
Taiscí ar Théarma	16	-	-	11,014	11,014
Airgead Tirim Srianta	22	5,159	-	4,684	-
		158,578	209,481	161,124	184,929
Íocaíochtaí atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	(155,127)	(141,740)	(141,551)	(130,542)
Glansócmhainní reatha		3,451	67,741	19,573	54,387
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha		519,519	419,778	496,540	394,091
Íocaíochtaí atá dlite tar éis bliana amháin	18	(83,111)	(66,256)	(89,216)	(69,732)
Maoiniú caipitil rialtais iarchurtha	20	(171,534)	(164,916)	(151,371)	(144,292)
Forálacha le haghaidh dliteanais					
Sochar scoir infhaighte	27	630,004	630,004	631,498	631,498
Forálacha sochair scoir	27	(630,004)	(630,004)	(631,498)	(631,498)
Iomlán na nglansócmhainní		264,874	188,606	255,953	180,067
Cúlchistí caipitil					
Cuntas ioncaim agus caiteachais		251,098	188,606	242,637	180,067
Cúlchistí coinnithe srianta		13,776	-	13,316	-
Cúlchistí iomlána		264,874	188,606	255,953	180,067

D'fhormheas an tÚdarás Ceannais na ráitis airgeadais ar leathanaigh 16 go 52 an 11 Meán Fómhair 2024 agus síníodh iad thar a cheann an 12 Meán Fómhair 2024 ag:

An tOllamh Daire Keogh
Uachtarán / Príomhoifigeach

Iníon Brid Horan
Seansailéir

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ
Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair

Comhdhlúite	Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais	Cúlchiste Srianta	Iomlán
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid an 1 Deireadh Fómhair 2021	230,196	15,211	245,407
Barrachas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais	12,441	(1,895)	10,546
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2022	242,637	13,316	255,953
Barrachas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais	8,461	460	8,921
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2023	251,098	13,776	264,874

Ollscoil	Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais	Cúlchiste Srianta	Iomlán
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid an 1 Deireadh Fómhair 2021	171,956	-	171,956
Barrachas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais	8,111	-	8,111
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2022	180,067	-	180,067
Barrachas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais	8,539	-	8,539
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2023	188,606	-	188,606

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID
Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2023

	2023 €'000	2022 €'000
SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA		
Barrachas don bhliain	8,921	10,546
Coigeartuithe le haghaidh míreanna neamhairgid		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	15,175	16,272
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	-	11
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	(5,874)	(6,679)
Gnóthachan ar dhiúscairt infheistíochta cothromais	(68)	(533)
(Gnóthachan)/Caillteanas ar phunann infheistíochtaí	(279)	719
Ioncam ar phunann infheistíochta	(43)	(54)
Táillí ar phunann infheistíochta	45	54
Coigeartú le haghaidh míreanna caipitil oibre		
(Méadú)/Laghdú ar fhardail	(119)	130
(Méadú)/Laghdú ar infháltais trádála	(1,285)	2,038
Méadú ar shuimeanna iníoctha agus ar fhabrú	14,119	15,173
Coigeartuithe le haghaidh infheistíochta, maoinithe agus cánachais		
Ioncam Infheistíochta	(997)	(21)
Ús iníoctha	1,634	1,660
Coigeartú le haghaidh síntiús caipitil agus tobhaigh	(541)	(1,806)
Coigeartú le haghaidh muirear cánach	417	281
Cánacha ioncaim a íocadh	(448)	(599)
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	30,657	37,192
SREAFAÍ AIRGID (ÚSÁIDTE I)/Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil agus/nó a thógáil	(54,497)	(20,457)
Aistriú ó thaiscí téarma	11,014	57,986
Fáltais ar dhíol infheistíochta	660	498
Deontais chaipitil rialtais a fuarthas	26,036	5,340
Síntiúis chaipitil agus tobhaigh	1,791	556
Glan-sreabhadh airgid (eis-sreabhadh)/insreabhadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(14,996)	43,923

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID
Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2023

	2023 €'000	2022 €'000
SREABHADH AIRGID A ÚSÁIDTEAR I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE		
Ús íoctha	(1,567)	(1,544)
Ús a fuarthas	997	21
Aisíocaíochtaí caipitil ar iasachtaí	(6,184)	(1,809)
Gné chaipitil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	(1)	(19)
Gné úis d'íocaíochtaí léasa airgeadais	-	(3)
Airgead tirim srianta	(474)	(314)
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe	(7,229)	(3,668)
Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	8,432	77,447
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	120,070	42,623
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 30 Meán Fómhair	128,502	120,070

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

1 Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráiteas um Chleachtas Molta ("SORP") - Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus Ardoideachais (2019), arna eisiúint ag Bord SORP HE/FE sa Ríocht Aontaithe, atá glactha go deonach ag an Ollscoil. Is eintiteas leasa phoiblí í an Ollscoil agus dá bhrí sin, tá an ceanglas ábhartha leasa phoiblí de chuid na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme curtha i bhfeidhm aici.

Baineadh leas as an díolúine/na díolúintí seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

• Tá an Ollscoil tar éis an díolúine faoi 1.12 (b) de FRS 102 a ghlacadh chun gan ráiteas sreabhadh airgid a tháirgeadh don Ollscoil mar is í an máthair-eintiteas deiridh í.

Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luacháilacha a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Bunús an chomhdhlúthaithe

Áirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ollscoil, a fochuideachtaí agus gnóthais eile ina bhfuil leas airgeadais ag an Ollscoil (mar a léirítear i nóta 13).

Cuirtear torthaí na bhfochuideachtaí a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na bliana san áireamh sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach ó dháta an fhála nó suas go dtí dáta an diúscartha. Déantar díolacháin agus brabúis laistigh den ghrúpa a dhíchur go hiomlán ar chomhdhlúthú. Déantar cuntas a thabhairt ar ghnóthais chomhfhiontair ar bhonn cothromais.

Aonad airgeadra

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro (€) arb é airgeadra feidhmiúil na hOllscoile é freisin.

Aitheantas ioncaim

Deontais Stáit

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ardoideachas sa tréimhse ina bhfuil siad infhaighte agus déantar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe.

Déantar deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ardoideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i leith sócmhainní seasta a fháil nó a thógáil a láimhseáil mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar shaolré na sócmhainní. Cuirtear na deontais seo san áireamh mar dheontais chaipitil iarchurtha a mhéid is féidir an deontas a fháil. Aithnítear deontais rialtais a thacaíonn le fáil talún nuair a chomhlíontar na coinníollacha feidhmíochta a bhaineann leis an deontas.

Scéimeanna Fóirdheontais Pá Rialtais agus Tacaíochta Gnó

Aithnítear scéimeanna fóirdheontais pá rialtais nuair a bhíonn dearbhú réasúnta ann go gcomhlíonfar na coinníollacha a bhaineann leis an bhfóirdheontas, agus déantar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe. Aithnítear an fóirdheontas pá i gcoinne pá agus tuarastal a thabhaítear le linn na tréimhse.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Aitheantas ioncaim (ar lean)

Aithnítear scéimeanna tacaíochta gnó rialtais, amhail an Scéim Tacaíochta Srianta COVID (CRSS) agus an Scéim Deontais Aththosaithe ar Fheidhmíocht Bheo (LPRGS), mar ioncam sa tréimhse ina bhfuil dearbhú réasúnta ann go gcomhlíonfar na coinníollacha a bhaineann leis an scéim tacaíochta, agus déantar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe.

Táillí Acadúla

Déantar cuntas ar ioncam ó tháillí agus ar gach ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

Deontais agus conarthaí taighde

Cuirtear ioncam ó dheontais taighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí eile a tugadh san áireamh a mhéid a chuirtear an conradh nó an tseirbhís lena mbaineann i gcrích. Is ionann é seo i gcoitinne agus suim an chaiteachais ábhartha a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníocaíochtaí gaolmhara i leith forchostais.

Síntiúis agus Deontais

Déantar ioncam infheistíochta agus méadú ar chiste deontais a thaifeadadh san ioncam sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, agus mar ioncam srianta nó neamhshrianta, de réir na dtéarmaí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gciste deontais aonair. Áirítear ar na cineálacha síntiús agus deontais laistigh de na cúlchistí:

(i) Gan aon srianta
Áirítear le síntiúis gan srianta suimeanna a thugtar i bhfoirm airgid thirim nó sócmhainne gan aon srian maidir le conas ba chóir an síntiús a úsáid. Déantar síntiúis den sórt sin a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach nuair a bhíonn teideal ag an duine ar an ioncam.

(ii) Le srianta
Déantar síntiúis a bhfuil srianta orthu a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhíonn an duine i dteideal an ioncaim. Coinnítear an t-ioncam srianta a fhaightear sa chúlchiste atá srianta go sealadach go dtí go dtabhófar an caiteachas de réir na srianta.

(iii) Coinníollacha a bhaineann le Feidhmíocht
Áirítear le hidirbhearta neamh-mhalartaithe gan coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht síntiúis agus deontais. Aithnítear síntiúis agus deontais a bhfuil srianta forchurtha ag deontóirí orthu laistigh den ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear ioncam laistigh den chúlchiste srianta go dtí go n-úsáidfear é i gcomhréir leis na srianta sin agus ag an bpointe sin, scaoiltear an t-ioncam chuig cúlchistí neamhshrianta trí aistriú cúlchiste.

Coinnítear deontais nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta comhlíonta leo mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ag an bpointe sin, déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Déantar deontais faoi shrianta a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar theidlíocht don ioncam agus ina dhiaidh sin, coinnítear iad laistigh de chúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas i gcomhréir leis an srian.

Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha i leith an ráitis ar ioncam cuimsitheach sa tréimhse ina dtuilltear é.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Measatacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneadh measatacháin, breithiúnais agus toimhdí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na measatacháin agus na toimhdí a úsáidtear.

1. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh
Ríomhtar dímheas bunaithe ar mheastacháin agus toimhdí maidir le saolré eacnamaíoch fhónta agus luach iarmharach ionchais na sócmhainne.

2. Laigí
Úsáidtear breithiúnas chun a chinneadh an raibh aon chomhartha ann go raibh lagú ar shócmhainní an Ghrúpa.

3. In-aisghabhálacht Dhrochfhiacha
Ríomhtar an soláthar i leith drochfhiacha bunaithe ar ionchas na bainistíochta maidir le hin-aisghabhálacht an fhiachais. Agus an soláthar i leith drochfhiacha á ríomh, cuirtear na tosca seo a leanas san áireamh: aois an fhiachais, stair mainneachtana agus staid reatha an fhéichiúnaí agus dálaí reatha an mhargaidh.

4. Sochair Fostaithe
Tá an fabhrú le haghaidh laethanta saoire atá tuillte ach nár glacadh bunaithe ar mheastacháin ar iomlán na laethanta saoire lúide laethanta saoire a glacadh**.**

5. Soláthairtí Pinsean
Ríomhtar an soláthar pinsin bunaithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha a sholáthraíonn achtúire gach bliain. Áirítear leis na boinn tuisceana achtúireacha rátaí lascaine, méaduithe ar thuarastail, méaduithe ar phinsin agus rátaí boilscithe.

Sócmhainní inláimhsithe

(a) Talamh agus foirgnimh

Luaitear talamh ag costas, agus ní dhearnadh í a dhímheas. Luaitear foirgnimh, seachas na cinn a bronnadh, ar an gclár comhardaithe ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha, agus déantar iad a dhímheas thar a saolré eacnamaíoch fhónta ionchais agus tá muirear dímheasa bliana iomláine curtha ar fáil i mbliain an fhála.

Déantar airgeadas, táillí gairmiúla, agus costais dlí, atá inchurtha go díreach i leith tógáil talún agus foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh atá á dtógáil ag costas, bunaithe ar luach deimhnithe ailtirí agus costais dhíreacha eile arna dtabhú go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfear in úsáid iad.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh a fuarthas trí úsáid a bhaint as socruithe airgeadais struchtúrtha (alt 843 den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 agus faoiseamh alt 50 mar a thuairiscítear in alt 372AK go halt 372AV den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997) ag costas lúide buntáiste cánach tarscaoilte infheisteoirí. Cé go bhfuil na foirgnimh in úsáid, ní dhímheastar iad go dtí go mbeidh deireadh leis an tréimhse rogha. Dímheastar sócmhainní trealaimh laistigh de shocruithe maoinithe struchtúrtha alt 843 thar théarma an léasa maoinithe struchtúrtha nó thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta a bhíonn inchurtha i leith na sócmhainne sin de ghnáth, cibé acu is gairide.

Is é seo a leanas an tsaolré fhónta ionchais maidir le sócmhainní seasta ar faoina treoir a ríomhadh an dímheas ar bhonn méid chothroim:

Tógáil agus feabhsuithe foirgneamh	10 go 50 bliain
Sócmhainní léasaithe	Blianta na catagóire sócmhainne nó tréimhse léasa más giorra í
Sócmhainní Airgeadais Struchtúrtha rogha	An saolré fhónta a bheidh fágtha i ndiaidh dheireadh na tréimhse

Déantar saothair ealaíne agus déantáin luachmhara eile a luacháladh ag os cionn €150,000 a chaipitliú agus a aithint ag a gcostas nó ag a luach nuair is infhaighte sin le réasún. Ní dhímheastar sócmhainní oidhreachta toisc nach mbeadh aon dímheas ábhartha de dheasca a saolré eacnamaíche fada agus a ardluacha iarmharaigh.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Sócmhainní inláimhsithe (ar lean)

(b) Trealamh

Luaitear Troscán, Trealamh agus Mótarfheithiclí ar costas lúide dímheas carntha. Cuimsítear Trealamh Léasaithe, Troscán agus Daingneáin, agus Mótarfheithiclí sa chlár comhardaithe ag costas agus dímheastar iad thar théarma an léasa. Déantar soláthair le haghaidh muirear dímheasa bliana iomláine i mbliain an fhála.

Is é seo a leanas an tsaolré fhónta ionchais maidir le sócmhainní seasta ar faoina treoir a ríomhadh an dímheas ar bhonn méid chothroim:

Troscán agus Trealamh	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Mótarfheithiclí	5 bliana
Sócmhainní Léasaithe	Blianta na catagóire sócmhainne nó tréimhse léasa más giorra í

(c) Sócmhainní bronnta

Féadfaidh an Ollscoil sochair chomhchineáil a fháil ó am go chéile amhail bronntanais trealaimh nó sócmhainní seasta eile. Déantar earraí lena mbaineann luach suntasach a bhronntar ar an Ollscoil, agus a ndéileálfadh an Ollscoil leo mar shócmhainní seasta inláimhsithe dá gceannófaí iad, a chaipitliú ag a luach reatha agus a dhímheas de réir an bheartais atá leagtha amach thuas. Tugtar cuntas ar aitheantas ioncaim de réir an bheartais ioncaim atá leagtha amach thuas.

Léirítear luach reatha earraí eile a bronnadh, má bhíonn siad suntasach, sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach mar shíntiús a fuarthas agus mar chuid de chostais oibriúcháin eile freisin.

(d) Sócmhainní léasaithe

Déileálfar le comhaontuithe léasa lena n-aistrítear gach sochar agus riosca beagnach a bhaineann le húinéireacht sócmhainne chuig an Ollscoil amhail is dá mba rud é gur ceannaíodh an tsócmhainn thar barr amach. Cuimsítear na sócmhainní sna sócmhainní seasta agus taispeántar ábhar caipitiúil na gceangaltas léasa mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais. Déileáiltear leis na cíosanna léasa amhail is go bhfuil míreanna caipitil agus úis iontu. Cuirtear an t-ábhair caipitiúil i bhfeidhm chun na hoibleagáidí gan íoc a laghdú agus gearrtar an t-ábhar úis ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach i gcomhréir leis an ábhar caipitiúil gan íoc atá ag laghdú.

Dímheastar sócmhainní atá á sealbhú faoi léasanna airgeadais thar thréimhse an léasa nó thar shaolré eacnamaíoch fhónta sócmhainní coibhéiseacha faoi úinéireacht.

Dímheastar sócmhainní atá á sealbhú faoi chonarthaí fruilcheannaigh, a bhfuil tréithe léasanna airgeadais ag baint leo, thar a saolré fhónta.

Gearrtar costais chíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach i méideanna bliantúla cothroma thar thréimhse an léasa.

Sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a fhaightear ar leithligh ó ghnó a chaipitliú ag costas.

I ndiaidh sócmhainní doláimhsithe a aithint ar dtús, luaitear iad ag costas lúide amúchadh carntha agus bearnú carntha. Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn méid chothroim thar a saolré fhónta ionchais. Déantar athbhreithniú ar luach tugtha anonn sócmhainní doláimhsithe i ndáil le bearnú má léirítear le himeachtaí nó le hathruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean)

Is é seo a leanas saolréanna eacnamaíocha fónta sócmhainní doláimhsithe:

Sócmhainní doláimhsithe	3 go 15 bliana

Sócmhainní airgeadais

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta, cé is moite d'infheistíochtaí i gcomhfhiontair nó i gcuideachtaí nuathionscanta, a iompar ag margadhluach cóir. Aithnítear infheistíochtaí cothromais i gcuideachtaí nuathionscanta faoi chláir thacaíochta maoinithe tráchtálaithe, fiontraíochta agus/nó nuálaíochta ag luach nialasach i bhfianaise chineál neamhchinnte aon luachála nó fáltais

Fardail

Luaitear fardail ag a meánchostas agus a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Más gá, déantar soláthar d'fhardal as feidhm, mallghluaiseach agus lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil maidir le leabhair agus fardal inchaite a mhaoinítear ó dheontais athfhillteacha ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Bearnú sócmhainní, cé is moite d'ionstraimí airgeadais

I gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a luach tugtha anonn, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí a méid in-aisghabhála, rud a bhfuil caillteanas bearnúcháin mar thoradh air. Aithnítear caillteanais bearnúcháin láithreach sa ráiteas ar ioncaim cuimsitheach.

Is é méid in-aisghabhála sócmhainní seasta inláimhsithe an luach cóir lúide costas díola na sócmhainne agus a luach úsáide, cibé acu is airde. Is é luach úsáide na sócmhainní sin luach reatha na sreafaí airgid a mheastar go bhfaighfear iad ó na sócmhainní sin.

Aistriúchán ar airgeadra eachtrach

Taifeadtar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhíonn i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro de réir na rátaí malairte ar dháta Chlár Comhardaithe dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte mar thoradh air sin sa chinneadh maidir le hioncam agus caiteachas na bliana airgeadais.

Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ag luach cóir ar dtús, glan ó chostais idirbheart, agus tugtar cuntas orthu ina dhiaidh sin ar bhonn costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain. Faoi mhodh an úis ghlain, déantar an difríocht idir luach fuascailte na hiasachta agus na fáltais tosaigh (glan ó chostais eisiúna gaolmhara) a amúchadh tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach go dtí an dáta aibíochta.

Cánachas

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas Cáin Chorparáide ná Cáin Ioncaim a íoc ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanachta in Éirinn. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ollscoile a dhéantar lasmuigh d'Éirinn a bheith faoi réir cáin a ríomhtar de réir rátaí a bheidh achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá an Ollscoil cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha, ach mar eagraíocht atá díolmhaithe go páirteach chun críocha CBL, níl sí i dteideal cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a cuid ceannachán.

Déantar gníomhaíochtaí trádála áirithe a dhéanann an Ollscoil a riar trína fochuideachtaí, atá faoi dhliteanas Cáin Chorparáide mar eagraíochtaí tráchtála. Is carthanais chláraithe chun críocha cánach iad cuid de na fochuideachta agus níl siad faoi dhliteanas Cáin Chorparáide ná Cáin Ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanachta in Éirinn. Tá gach fochuideachta cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha, ach déanann cuid acu gníomhaíochtaí díolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir orthu. Ní féidir leo cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a gcuid ceannachán.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Cáin Iarchurtha

I bhfochuideachtaí nach bhfuil stádas carthanachta acu, soláthraítear cánacha iarchurtha ar gach difríocht uainiúcháin a tháinig chun cinn ach nár aisiompaíodh ar dháta an chláir comhardaithe i gcás inar tharla idirbhearta nó imeachtaí ar dháta an chláir comhardaithe as a n-eascraíonn oibleagáid maidir le níos mó cánach a íoc amach anseo nó as a n-eascraíonn ceart maidir le níos lú cánach a íoc amach anseo.

Difríochtaí sealadacha is ea difríochtaí uainíochta idir brabúis mar a ríomhtar iad chun críocha cánach agus brabús mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a eascraíonn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i dtréimhsí éagsúla chun críocha cánach.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompófar na difríochtaí uainíochta bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a bheidh achtaithe nó achtaíodh go suntasach faoi dháta an chláir comhardaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a lascainiú.

Ionstraimí airgeadais

Cuimsítear san airgead tirim airgead tirim ar láimh, taiscí is iníoctha ar éileamh agus rótharraingtí.

Is infheistíochtaí gearrthéarmacha, an-leachtach iad coibhéisí airgid ar féidir iad a athrú go héasca go méideanna airgid thirim aitheanta gan ach baol beag go n-athróidh an luach. Cáilíonn infheistíocht mar choibhéis airgid thirim nuair a bhaineann tréimhse aibíochta 3 mhí nó níos lú ón dáta fála léi.

Forálacha

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht san am atá thart agus nuair is dócha go mbeidh gá le sochar eacnamaíoch a aistriú chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide.

Sochair scoir

Bronntar sochair aoisliúntais faoin bhForas Náisiúnta um Ardoideachas, Baile Átha Cliath, faoin Scéim Aoisliúntais 1985 agus faoin Scéim Pinsean do Chéilí agus do Leanaí 1985, arna bhfaomhadh faoi Acht an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath 1980 agus faoin Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989. Is scéimeanna neamhchistithe iad na scéimeanna, lena soláthraítear sochair shainithe, agus íoctar iad as ioncam reatha de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá gealltanas ag an Ollscoil ón Údarás um Ardoideachas chun dliteanais na scéime sin a íoc.

Ní íoctar aon ranníocaíochtaí fostaithe isteach sa scéim neamhchistithe. I gcomhar leis an gCreat um Rialú Fostaíochta, déantar ranníocaíochtaí fostóra i leith fostaithe a mhaoinítear le hioncam taighde agus tionscadail chomhchosúla, nó atá féinmhaoinithe. Tá na ranníocaíochtaí fostóra agus na ranníocaíochtaí gaolmhara fostaithe sin iníoctha leis an Údarás um Ardoideachas. Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013.Beidh baill foirne inphinsin arna n-earcú ar nó i ndiaidh an dáta éifeachtach ina mbaill den Scéim um Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Seoltar ranníocaíochtaí ball scéime aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí. Déantar na ranníocaíochtaí maoinithe fostóra agus fostaithe a athaicmiú mar shócmhainn agus dliteanas pinsin ar an gClár Comhardaithe a aithnítear mar chuid den chuntasaíocht maidir le scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

De thoradh an tionscadail ionchorpraithe, ar an 1 Deireadh Fómhair 2016, chuir OCBÁC tús le riarachán Scéim na gColáistí Oideachais a mhéid a bhaineann le baill foirne a ionchorpraítear ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais. Is scéim neamhchistithe í an scéim, lena soláthraítear sochair shainithe, agus íoctar iad as ioncam reatha de réir mar a thagann siad chun cinn.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

Sochair scoir (ar lean)

Léiríonn na dliteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn an maoiniú sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar i dtréimhsí amach anseo ón Údarás um Ardoideachas.

Mar a mhínítear tuilleadh i nóta 27 leis na ráitis airgeadais, tá sócmhainn pinsin iarchurtha aitheanta ag OCBÁC i leith na scéimeanna pinsin shochair shainithe atá liostaithe, ar an mbonn go bhfuil sí ag súil go soláthróidh an Stát maoiniú chun oibleagáidí sochar scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Glactar leis sa chóireáil chuntasaíochta sin go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh OCBÁC i bhfeidhm ar an gcéad dul síos i leith costais reatha agus go n-íocfar aon easnamh acmhainní ó mhaoiniú Stáit chun dliteanais shochair scoir amach anseo a mhaoiniú.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Údarás um Ardoideachas.

Íoctar sochair scoir a sholáthraítear d'fhostaithe i bhfochuideachta trí íocaíochtaí le ciste le ranníocaíocht shainithe, ciste atá neamhspleách agus a choinnítear ar leithligh ó na gnóthais. Gearrtar ranníocaíochtaí ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach sa bhliain ina bhfuil siad dlite.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

2 Deontais Stáit

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Stát	59,374	59,374	53,704	53,704

Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ón Údarás um Ardoideachas.

Anailís ar Chroí-Ioncam Deontais HEA:	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Iarchur tosaigh	630	630	(266)	(266)
Deontais a fuarthas	60,975	60,975	54,600	54,600
Méideanna a aithnítear mar ioncam	(59,374)	(59,374)	(53,704)	(53,704)
Iarchur deiridh	2,231	2,231	630	630

3 Táillí Acadúla

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Ioncam ó tháillí acadúla	104,120	104,183	105,858	105,998
Ioncam ó tháillí ilghnéitheacha	1,280	1,280	837	837
Iomlán	105,400	105,463	106,695	106,835

Cuimsítear san ioncam ó tháillí íocaíochtaí thar ceann mac léinn ó na húdaráis seo a leanas:

An tÚdarás um Ard-Oideachas	51,123	51,123	39,742	39,742
An Roinn Sláinte	396	396	339	339

Léiríonn méid an deontais in ionad maoiniú táillí ón Údarás um Ardoideachas a aithnítear sa bhliain an t-airgead tirim a fuair an Ollscoil an bhliain sin, agus dá bhrí sin ní thagann aon iarchur deiridh deontais chun cinn.

4 Deontais taighde agus tionscadail

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Stát agus leathstát	34,220	34,220	35,176	35,176
An tAontas Eorpach	6,984	6,984	6,759	6,759
Tionscal	5,334	5,334	5,192	5,192
Eile	7,211	5,644	4,943	5,344
Iomlán	53,749	52,182	52,070	52,471

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

5 Ioncam oibriúcháin eile

	Comhdhlúite 2023	Ollscoil 2023	Comhdhlúite 2022	Ollscoil 2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Soláthairtí miondíola agus oifige	4,215	-	3,228	-
Lónadóireacht	4,440	-	3,438	-
Seirbhísí ELT agus aistriúcháin	8,554	-	5,627	-
Ionad Ealaíon	2,586	-	1,504	-
Ioncam cíosa agus ioncam gaolmhar	4,106	1,328	3,921	1,585
Árais chónaithe	12,449	-	12,311	-
Saoráidí spóirt	2,113	-	1,494	-
Ioncam eile	3,627	5,702	2,097	3,160
Síntiúis Chaipitil agus Tobhaigh	541	4,040	1,806	1,250
Iomlán	42,631	11,070	35,426	5,995

Críochnaíodh athfhorbairt Ionad na Mac Léinn (an Foirgneamh U) i mí Mheán Fómhair 2018. Tá an tionscadal maoinithe ó thabhartais dhaonchairdiúla agus ó ranníocaíochtaí bliantúla ó thobhaigh mac léinn (arna vótáil ag Cuallacht na Mac Léinn). B'ionann na tobhaigh mac léinn a aithníodh don bhliain reatha agus €540,470 (2022: €555,835).

6 Ioncam Infheistíochta

	Comhdhlúite 2023	Ollscoil 2023	Comhdhlúite 2022	Ollscoil 2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ioncam ó ús	997	789	21	21
Ioncam ón gciste infheistíochtaí	43	-	54	-
Ús idirchuideachta	-	431	-	428
Glantoradh ar scéim sochair scoir	548	548	204	204
Iomlán	1,588	1,768	279	653

7 Costais na mball foirne

	Comhdhlúite 2023	Ollscoil 2023	Comhdhlúite 2022	Ollscoil 2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Pá agus tuarastail	145,436	135,670	139,122	130,848
Costais slándála sóisialta	14,714	13,669	13,150	12,381
Fóirdheontas Pá Fostaíochta	-	-	(1,526)	-
Costais sochair scoir eile	16,624	16,428	30,641	30,458
Sochair foirceannta	233	172	325	130
Iomlán	177,007	165,939	181,712	173,817

Is é €238,039 luach saothair Uachtarán na hOllscoile sa bhliain airgeadais (gan na méideanna is iníoctha faoi Scéim pinsin earnála poiblí shamhla OCBÁC san áireamh). Fuair Seansailéir na hOllscoile stipinn de €20,000 sa tréimhse. Níor íocadh aon táillí ná costais eile le comhaltaí seachtracha an Údaráis Cheannais sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023.

Cuimsítear i gcostais iomlána na mball foirne méid pá athraitheach dar luach €208,696 ar an iomlán (2022: €218,230) is iníoctha le baill foirne fochuideachta áirithe mar chuid de phleananna dreasachta chun ioncam neamh-státchiste a ghintear laistigh de ghrúpa tráchtála cuideachtaí OCBÁC a sholáthar. Cuimsítear i bpá agus tuarastail na hOllscoile agus gnóthais na bhfochuideachtaí suim €Nialas le haghaidh liúntais cheadaithe (2022: €8k) agus ragobair de €200k (2022: €140k).

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

7 Costais na mball foirne (ar lean)

Cúiteamh an phríomhluchta bainistíochta

Daoine is ea an príomhphearsanra bainistíochta bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Tá "príomhphearsanra bainistíochta" na hOllscoile ina mbaill den fhoireann shinsearach bhainistíochta. B'ionann an luach saothair iomlán (lena n-áirítear aon liúntais cheadaithe) don phríomhphearsanra bainistíochta (gan suimeanna is iníoctha faoi scéimeanna pinsin san áireamh) agus €2.32m (2022: €2.15m).

Baill foirne ar thuarastal níos airde

Tá luach tosaigh €60,000 glactha ag an Ollscoil chun baill foirne ar thuarastal níos airde a aithint. Soláthraítear luach saothair fhoireann an ghrúpa (gan ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra agus ÁSPC an fhostóra san áireamh) i mbandaí €10,000 don bhliain mar seo a leanas:

Bandaí tuarastail	Comhdhlúite 2023 Líon	Ollscoil 2023 Líon	Comhdhlúite 2022 Líon	Ollscoil 2022 Líon
€60,000 - €69,999	229	218	182	171
€70,000 - €79,999	163	160	185	175
€80,000 - €89,999	168	157	128	123
€90,000 - €99,999	224	221	238	234
€100,000 - €109,999	133	129	101	97
€110,000 - €119,999	37	36	36	34
€120,000 - €129,999	40	37	40	38
€130,000 - €139,999	11	9	10	9
€140,000 - €149,999	9	8	8	8
€150,000 - €159,999	12	11	20	19
€160,000 - €169,999	53	53	37	37
€170,000 - €179,999	5	5	1	1
€180,000 - €189,999	3	2	-	-
€190,000 - €199,999	1	1	1	1
€200,000+	1	1	1	1
Iomlán	1,089	1,048	988	948

Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine (lena n-áirítear sealbhóirí post sinsearach) a bhí fostaithe ag an nGrúpa le linn na bliana, arna chur in iúl mar choibhéis lánaimseartha:

	Comhdhlúite 2023	Ollscoil 2023	Comhdhlúite 2022	Ollscoil 2022
Teagasc	741	741	730	730
Taighde	457	457	473	473
Riarachán teicniúil, lárnach agus seirbhísí	634	634	605	605
Eintitis fochuideachta	279	-	241	-
Iomlán	2,111	1,832	2,049	1,808

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

8 Costais oibriúcháin eile

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Taisteal agus Cothú	3,753	3,756	2,544	2,607
Bainistíocht Áiseanna, Glanadh, Slándáil agus Árachas	16,000	9,364	15,833	9,970
Lónadóireacht agus Miondíol	5,412	1,292	3,881	606
Scoláireachtaí, Gníomhaíochtaí Mac Léinn agus Ábhair do Chúrsaí	15,889	15,802	15,234	14,736
Trealamh, Crua-earraí, Bogearraí agus Ceadúnais	7,592	7,389	7,117	6,869
Leabharlann, Leabhair, Ríomh-acmhainní agus Tréimhseacháin	1,648	1,651	1,642	1,645
Táillí Ballraíochta, Idirghabhálaí agus Coimisiúin	2,862	2,198	3,012	2,479
Soláthairtí Postais, Priontála agus Páipéarachais	1,429	1,321	1,260	1,167
Cíos, Rátaí agus Cáin Mhaoine	2,032	632	1,176	642
I ndáil le Fostaithe	1,650	1,539	1,349	1,247
Imeachtaí, Fógraíocht agus Margaíocht	3,266	2,527	2,401	1,895
Táillí Gairmiúla, lena n-áirítear Comhairleacht	5,078	4,762	4,640	4,284
Ábhair agus Trealamh Taighde	2,533	2,535	2,940	2,942
Teas, Solas, Uisce, Cumhacht	4,519	3,023	3,826	2,593
Costais eile	6,538	5,768	6,115	6,344
Iomlán	80,201	63,559	72,970	60,026

Cuimsítear sna costais oibriúcháin eile thuas an caiteachas seo a leanas:

(i) Luach saothair na n-iniúchóirí

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Iniúchadh reachtúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	44	44	40	40
Iniúchadh airgeadais an iniúchóra cláraithe ar an ngrúpa	116	63	116	63
Seirbhísí eile an iniúchóra cláraithe	45	20	46	18
	205	127	202	121

Níl CBL san áireamh i luach saothair na n-iniúchóirí a nochtar thuas, más cuí. Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an ollscoil agus rinneadh na costais phárolla ghaolmhara don bhliain airgeadais a thuairisciú laistigh de chostais foirne.

Lena chois sin, déanann iniúchóirí neamhspleácha arna gceapadh ag údarás maoinithe seachtrach, nó thar a cheann, athbhreithnithe agus iniúchtaí rialta ar dheontais agus tionscadail taighde.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

8 Costais oibriúcháin eile (ar lean)

(ii) Táillí gairmiúla agus caiteachas comhairleachta (gan luach saothair iniúchóirí, táillí iniúchóireachta deontas agus tionscadal taighde, agus táillí iniúchóireachta eile san áireamh)

Chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile mar atá leagtha síos in Acht na nOllscoileanna, 1997, chomh maith lena chinntiú go bhfuil a ceanglais rialála, dlíthiúla, cánach, sláinte agus sábháilteachta agus gach ceanglas eile (intíre agus idirnáisiúnta araon) á gcomhlíonadh ag an Ollscoil, oibríonn an Ollscoil agus a fochuideachtaí le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí de réir mar is gá agus i gcás nach bhfuil na tacair sainscileanna chuí ar fáil laistigh den eagraíocht. Is é seo a leanas an caiteachas a tabhaíodh ar tháillí seirbhísí gairmiúla seachtracha den sórt sin (lena n-áirítear CBL más) sa bhliain airgeadais:

	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	2023	2023	2022	2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Seirbhísí cánachais intíre agus idirnáisiúnta	323	253	180	140
Dlí, lena n-áirítear comhdú paitinne**	1,537	1,509	1,029	955
Tacaíocht agus dearadh bonneagair TF, agus feabhsú/comhdhlúthú próiseas gnó	693	668	852	832
Taighde agus Aistriú Teicneolaíochta	233	233	620	620
Eastát, lena n-áirítear Éifeachtúlacht Fuinnimh	327	362	92	58
Seirbhísí gairmiúla eile*	1,733	1,595	1,615	1,532
Méideanna a aithnítear mar chaiteachas ioncaim	4,846	4,620	4,388	4,137

Áirítear leis na táillí gairmiúla a bhaineann le tionscadail chaipitiúla, agus atá caipitlithe mar chuid díobh:

Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le Tógáil agus Cur i bhFeidhm Córas	2,636	1,491	2,740	1,715
Méideanna a aithnítear mar chaiteachas caipitil	2,636	1,491	2,740	1,715
Iomlán na dtáillí gairmiúla	7,482	6,111	7,128	5,852

* I measc na seirbhísí gairmiúla eile, tá tacaíocht do chláir oideachais thrasnáisiúnta a chuireann le cumasú na hOllscoile foinsí ioncaim neamh-státchiste a ghiniúint, chomh maith le réimse leathan seirbhísí gairmiúla ginearálta eile.

** Fostaíonn an Ollscoil agus a fochuideachtaí cuideachtaí dlí chun réimse seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear lena chinntiú go bhfuil an grúpa ag cloí le dlíthe i dtimpeallacht intíre agus hidirnáisiúnta araon, chun an grúpa a chosaint ina rannpháirtíocht tráchtála le tríú páirtithe, chomh maith le cosaint a thabhairt ar éilimh a dhéanann tríú páirtithe.

B'ionann an caiteachas iomlán ar tháillí gairmiúla (gan táillí iniúchóireachta san áireamh) a aithníodh tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus €4.8m (2022: €4.4m), agus b'ionann táillí comhairliúcháin de sin agus €0.4m (2022: €0.5m).

Mar an gcéanna, sa ghnáthchúrsa gnó, d'fhéadfadh éilimh i gcoinne pholasaithe árachais na hOllscoile agus na bhfochuideachtaí teacht chun cinn. Déantar measúnú ar na héilimh sin i gcomhar le cuideachtaí árachais, agus dá bharr sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gnólachtaí dlí a fhostú.

Maidir le méid comhiomlán aon socraíochtaí (lena n-áirítear aon táillí dlí tríú páirtí a íocadh) ar chásanna dlí, gan aon mhéideanna dá leithéid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngnáthchúrsa oibriú na bpolasaithe árachais agus na gcreataí caidrimh thionsclaíoch san áireamh, a rinne an Ollscoil agus a fochuideachtaí le linn na bliana airgeadais, níor sháraigh siad €50,000.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

8 Costais oibriúcháin eile (ar lean)

(iii) Taisteal

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Taisteal Intíre	1,328	1,360	905	984
Taisteal sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta	2,425	2,396	1,639	1,623
Méideanna a aithnítear mar chaiteachas ioncaim	3,753	3,756	2,544	2,607

Léiríonn caiteachas taistil taisteal gnó ceadaithe a rinne baill foirne agus tríú páirtithe. Áirítear leis costas ar lóistín, táillí comhdhála (lena n-áirítear táillí comhdhála ar líne), agus CBL más cuí. Mar Ollscoil atá páirteach i gcuibhreannais taighde le comhpháirtithe baile agus idirnáisiúnta, i gcláir malartaithe foirne, i gclár oideachais a sholáthar thar lear, chomh maith le hathbhreithnithe a dhéanamh ar shocrúcháin oibre mac léinn mar chuid de riachtanais an chláir, tá taisteal gnó ceadaithe ina chuid riachtanach de soláthar oibríochtúil chuspóirí na hOllscoile mar a thuairiscítear in Acht na nOllscoileanna 1997.

(iv) Fáilteachas foirne

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Fáilteachas foirne	61	60	50	50
Iomlán	61	60	50	50

Aon chostais fáilteachais, lena n-áirítear lónadóireacht a theastaíonn mar chuid de sholáthar seirbhísí do mhic léinn agus do chustaiméirí, amhail óstáil comhdhálacha acadúla, reáchtáil na gclár cónaithe do mhic léinn nó soláthar clár taighde, níl siad san áireamh sa nochtadh thuas i gcomhréir leis an sainmhíniú agus leis na ceanglais tuairiscithe maidir le fáilteachas foirne arna soláthar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

9 Ús iníoctha

	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
Ús agus muirir chomhchosúla ar rótharraingt bainc agus saoráidí eile	2	1	(84)	(49)
Ús iasachtaí	1,632	789	1,741	814
Ús léasa airgeadais	-	-	3	3
Iomlán	1,634	790	1,660	768

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS - ar lean

10 Cánachas

	Comhdhlúite 2023	Ollscoil 2023	Comhdhlúite 2022	Ollscoil 2022
	€'000	€'000	€'000	€'000
Cáin Reatha - fochuideachtaí	250	-	100	-
Cánachas eachtrach	167	167	181	181
Iomlán na cánach reatha	417	167	281	181
Cáin ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	417	167	281	181

An ráta cánach éifeachtach a réiteach:	Comhdhlúite 2023 €'000	Ollscoil 2023 €'000	Comhdhlúite 2022 €'000	Ollscoil 2022 €'000
